Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023 (OR. en)**

**15405/23**

**ESPACE 85**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 7-8 Nollaig 2023*<br>Beartas de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir leis an spás i ndomhan atá ag athrú<br>- *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta ón Uachtaránacht maidir le '**Beartas de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir leis an spás i ndomhan ata ag athrú**' i bhfianaise an tseisiúin tuairimíochta a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 8 Nollaig 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Beartas de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir leis an spás i ndomhan atá ag athrú**

Tá teicneolaíocht, sonraí agus seirbhísí spáis éirithe ríthábhachtach do shochaí agus do gheilleagair na hEorpa. Spreagann siad taighde, forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht, go gcruthaíonn siad deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin agus fás eacnamaíoch, go méadaíonn siad ar iomaíochas na hEorpa, go dtacaíonn siad leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus go gcosnaíonn agus go gcoimircíonn siad an tAontas agus a chuid saoránach, agus go bhfeabhsaíonn siad ar athléimneacht agus slándáil an Aontais. Tá rioscaí áirithe tar éis teacht chun cinn le blianta beaga anuas sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, rioscaí a léiríonn gur gá sócmhainní spáis an Aontais a chosaint agus na seirbhísí spásbhunaithe lena ráthófar an chomhshlándáil a chaomhnú, rudaí ar bunchlocha d'uathriail straitéiseach an Aontais iad san am i láthair agus feasta.

<u>Inbhuanaitheacht an spáis</u>

Is bagairt ar inbhuanaitheacht fadtéarmach an spáis é an méadú mear atá tagtha agus atá ag teacht ar ghníomhaíochtaí sa spáis, go háirithe an méadú sna hísealfhithsí domhanda agus an tionchar a imríonn siad ar an gcomhshaol. Le cur chuige an Aontais i leith na hinbhuanaitheachta, ní mór bearta agus réitigh a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha maidir le húsáid an spáis: mar léiriú ar chuid de na dúshláin sin, tá an méadú as cuimse atá tagtha ar an smionagar spáis, meigeabhuíonta, infhaighteacht teoranta minicíochtaí nó cur isteach ar bharúlacha réalteolaíochta. Neartóidh sé sin freisin seasamh an Aontais forbairtí a mhúnlú chomh maith le forbairt caighdeán ar an leibhéal domhanda a chothú.

<u>An tSlándáil agus an chosaint</u>

Is príomhchumasóir don fhás agus don rathúnas é an spás feasta, ní hamháin do shochaí agus do gheilleagar na hEorpa, ach don tslándáil agus don chosaint freisin. Á aithint di gur faoi rialú sibhialta atá sócmhainní spáis an Aontais, agus á admháil di an tábhacht a bhaineann le Clár Spáis an Aontais, soláthraítear, leis an gCompás Straitéiseach a d'fhormheas an Chomhairle i mí an Mhárta 2022, fís straitéiseach chomhchoiteann maidir le ról an Aontais sa tslándáil agus sa chosaint. Is é is aidhm don teachtaireacht chomhpháirteach ó Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint, a foilsíodh i mí an Mhárta 2023, cabhrú leis an Aontas comhthuiscint ar na rioscaí agus ar na bagairtí a bhaineann leis an spás a fhorbairt. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Spáis an Aontais um Shlándáil agus Cosaint a glacadh le déanaí, aithnítear a thábhachtaí atá sé córais agus seirbhísí spáis dé-úsáide a fhorbairt agus athdhearbhaítear a ábhartha atá na réitigh spásbhunaithe don tslándáil agus don chosaint.

Uathriail straitéiseach an Aontais

Riosca suntasach eile d'uathriail straitéiseach an Aontais agus dá chumas rochtain a fháil ar an spás agus an spás a úsáid is ea an rochtain theoranta ar na teicneolaíochtaí criticiúla agus ar na hábhair chriticiúla le haghaidh an spáis agus an suaitheadh sa slabhra luacha domhanda arb é an teannas geopholaitiúil is cúis leis. D'aithin na Ballstáit gur gá ceannasacht theicneolaíoch, iomaíochas agus athléimneacht slabhraí luacha an Aontais maidir leis an spás a threisiú trí shlándáil sholáthar na dteicneolaíochtaí criticiúla atá ábhartha don spás agus trí rochtain neamhshrianta ar na teicneolaíochtaí sin a áirithiú, agus an comhar comhthairbheach le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo á chaomhnú.

Thairis sin, tá géarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ag bagairt ar an Eoraip mar gheall ar an easpa rochtana uathrialaithí atá aici ar an spás. Cuireadh deireadh le hoibríochtaí Ariane 5 agus le seoltaí Soyuz in Kourou, coimeádadh Vega C ar talamh agus cuireadh moill ar fhorbairt Ariane 6; d'imir siad sin uile tionchar mór ar chumas an Aontais tionscnaimh shuaitheanta spáis an Aontais (Galileo, Copernicus agus an réaltbhuíon $IRIS^2$ atá le teacht) a chur chun feidhme agus a athshlánú.

Is den ríthábhacht adhmad a bhaint as seo ar fad agus rochtain uathrialach, iontaofa agus chostéifeachtach an Aontais ar an spás bunaithe ar réitigh Eorpacha a dhaingniú. Ba cheart don Aontas Eorpach, arb é an chéad chustaiméir institiúideach é de sheirbhísí lainseála Eorpacha agus ar bainisteoir cláir é ar shócmhainní spáis criticiúla (agus ar gorlann nuálaíochta le haghaidh réitigh lainseála nua agus éagsúlaithe é chomh maith), ba cheart dó dul ag obair i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis chuige sin.

Iarrtar ar na hairí freagra a thabhairt ar na ceisteanna straitéiseacha a leanas:

1. Cén tionchar a bheidh ag Straitéis Spáis an Aontais ar bheartas an Aontais amach anseo maidir leis an spás, dar libh? Conas a d'fhéadfaí gnéithe slándála agus cosanta a bheadh faoi rialachas sibhialtach a ionchorprú sna comhpháirteanna éagsúla de chlár spáis an Aontais amach anseo?

2. San fhadtéarma, thar ghníomhú mar chustaiméir, cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Aontas maidir le rochtain uathrialach an Aontais ar an spás a áirithiú?